Duais de hÍde Shortlist 2018

Proinsias Mac a' Bhaird Co. Dhún na nGall Tost an Éisc

Is as Árainn Mhór i dTír Chonaill do Phroinsias Mac a' Bhaird ach rugadh athair a mháthara móire i mBéal na mBuillí. Tá 11 leabhar Gaeilge i gcló aige, 3 bhailiúchán filíochta ina measc. Ba é 'Bealach na Mine Buí' an cnuasach ba dhéanaí uaidh. Tá a chuid filíochta léite aige ar fud na hÉireann agus thar lear. Foilseofar úrscéal úr dá chuid 'Tairngreacht' i mí na Samhna.

Proinsias Mac a' Bhaird is from Árainn Mhór in the Donegal Gaeltacht, but has one great grandfather who was born in Strokestown. He has written 11 books in Gaelic including 3 collections of poetry, most recently *Bealach na Mine Buí* which was published in 2015. He has read poetry throughout Ireland from Ballycastle in North Antrim to Cork, and from the Isle of Skye to New York. His latest novel *Tairngreacht* (Prophecy) will be published in November.

Ciarán Ó Coigligh Duibhlinn An Máistir

As Fionnghlas, Duibhlinn *From Finglas, Dublin*.
11 bhailiúchán filíochta *11 collections of poetry:*
Le teacht *Forthcoming*: *A Layman's Liturgical Year and Other Poems*
3 úrscéal *3 novels: Duibhlinn, Slán le Luimneach Odaisé Ghael-Mheiriceánach /* An Irish-American Dream.
Ghnóthaigh Duais Cholm Cille i gComórtas Idirnáisiúnta Bhéal Átha na mBuillí do dhán Gaeilge sa mbliain 2011.
Won the Colm Cille Prize for a poem in Irish at the Strokestown International Poetry Competition in 2011.

Pádhraic Ó Finneadha Co. na Gaillimhe Rian Daonna

Pádhraic Ó Finneadha comes from County Galway and is a grandson of the community poet Pádhraic Learaí Ó Finneadha. Surrounded by a culture of traditional verse in Irish, he has now decided to take to the pen and write poetry in the traditional style. This poem, *Rian Daona*, short-listed for *Duais de hÍde*, is his first publication.

Is as Conamara i gContae na Gaillimhe é Pádhraic Ó Finneadha agus is garmhac é le Pádhraic Learaí Ó Finneadha, an file áitiúil ansin. Agus é ag fás aníos, bhí traidisiún agus cultúr na filíochta Gaeilge go láidir ina mhórthimpeall. Tá tús curtha ag Pádhraic lena chuid scríbhneoireachta sa stíl thraidisiúnta. Is é an dán seo, *Rian Daona*, atá ar an ngearrliosta do *Duais de hÍde*, a chéad phíosa filíochta.

Peadar Ó *hUallaigh* Co. Chiarraí Cuireadh

Peadar Ó hUallaigh

Born and raised in Clonmel, Peadar worked as a touring traditional musician throughout Europe. For over thirty years he has lived in Kerry. The Dún Laoghaire Poetry Festival judged *Tír Tairngire* to be the best first collection by an Irish writer in 2009.
'*Tír Tairngire*...marks the arrival of a singular talent tackling big ideas – nature, time, space, ritual, myth, folklore and *dinnseanchas*.' (Poetry Ireland Review)
Soilse an Chroí was his second book. Individual poems have recieved prizes at Strokestown and Listowel Writers' Week.
Tráth na Tairsí is the most recent collection and was awarded *Duais an Oireachtais* in 2017. His work is published by *Coiscéim*.
Peadar Ó hUallaigh
Rugadh agus tógadh Peadar i gCluain Meala.Thug sé na blianta fada ag gabháilt cheol traidisiúnta, ag seimint don gcuid is mó ar mhór-roinn na hEorpa.
D'fhoilsigh Coiscéim *Tír Tairngire* i 2009, cnuasach a ghnóthaigh gradaim i nDún Laoghaire agus Béal na mBuillí.
'Thuigeas go raibh rud éigin nua agus faoi leith á dhortadh amach ag Peadar i bhfoirm filíochta. '
— Nuala Ní Dhomhnaill

Seoladh *Soilse an Chroí* i 2011, díolaim dánta síolraithe ó dhúlra Chorca Dhuibhne, mar a bhfuil Peadar buailte fé le blianta fada.
Ghnóthaigh an tríú cnuasach *Tráth na Tairsí* Duais an Oireachtais sa bhliain 2017.

Seosamh Ó Murchú Co. Bhaile Átha Cliath Uaigneas

I Loch Garman a rugadh Seosamh Ó Murchú. Iareagarthóir ar *Comhar* is ea é agus bhí sé ina chomhbhunaitheoir agus ina chomheagarthóir ar an irisleabhar liteartha, *Oghma,* 1989-1998. Ag obair leis na foilsitheoirí, An Gúm, atá sé ó 1986 mar a bhfuil sé ina Eagarthóir Sinsearach. Iardhuaiseoir ag Féile Bhéal na mBuillí é. D'fhoilsigh Coiscéim a chéad chnuasach, *Taisí Tosta*, cnuasach ar bronnadh Gradam Filíochta Mhichíl Uí Airtnéide air in 2017. Tá bailchríoch á cur aige ar an dara cnuasach faoi láthair.

Seosamh Ó Murchú was born in Wexford. A former editor of *Comhar*, he was a founder member and co-editor of the literary journal, *Oghma*, 1989-1998. He has worked with publishers An Gúm since 1986 where he is Senior Editor. He is a former prizewinner at Strokestown and his first collection, *Taisí Tosta* was published by Coiscéim and won the Michael Hartnett Poetry Award in 2017. He's currently finalising his second collection.

Mícheál Ó Ruairc Baile Átha Cliath Draighneach

Is as Bréanainn sa Leitriúch i gContae Chiarraí do Mhícheál ó dhúchas ach tá cónaí air i mBaile Átha Cliath ó 1980. Tá dhá cheann déag d'úrscéalta agus dhá chnuasach gearrscéalta i gcló aige sa Ghaeilge. Tá iliomad duaiseanna buaite aige dá chuid gearrscéalta agus úrscéalta Gaeilge. Tá ceithre chnuasach filíochta Gaeilge foilsithe agus ceann amháin as Béarla. Tá duaiseanna buaite aige as a chuid filíochta agus foilsíodh dánta dá chuid i ndíolaimí éagsúla. Bhuaigh an bailiúchán filíochta is déanaí uaidh, ceann dhátheangach, *Dambatheanga:Damlanguage* (Arlen House, 2014) an chéad duais i gComórtais Liteartha an Oireachtais 2014. Beidh cnuasach nua filíochta, *Treaspásóir: Trespasser* á fhoilsiú ag Arlen House níos faide anonn sa bhliain 2018.
Originally from Brandon in Co Kerry, Mícheál has been living in Dublin city since 1980. He is the author of twelve novels and two collections of short stories in the Irish language. He has won numerous awards for his short stories and novels in the Irish language. He has published four collections of poems in Irish and one collection in English. His poetry has won awards and has been included in a number of poetry anthologies.. His most recent poetry collection, a bilingual one, *Dambatheanga:Damlanguage* (Arlen House 2014) won first prize in the Oireachtas Literary Competitions 2014. Arlen House will publish a new collection of poetry, *Treaspásóir: Trespasser*, later in 2018.